BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

16 Eanáir 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir (AE) 2016/343 – An ceart chun bheith i láthair ag an triail – Airteagal 8(2) – Triail a bhfuil ciontú nó éigiontú *in absentia* mar thoradh léi – Coinníollacha – Airteagal 8(4) – Oibleagáid duine a thriailtear *in absentia* a chur ar an eolas faoi leigheasanna dlí atá ar fáil – Airteagal 9 – Ceart chun trialach nua, nó chun fála ar leigheas dlí comhionann a cheadódh d'imscrúdú nua ar thuillteanais an cháis agus ar féidir go ndéanfaí an cinneadh bunaidh a fhreaschur dá bharr – Airteagal 10(1) – Ceart chun leigheas éifeachtach a fháil – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear aitheantas don cheart chun trialach nua faoi réir iarratas ar athoscailt imeachtaí coiriúla a bheith curtha isteach roimh ré os comhair údarás breithiúnach nach mór don duine a thriailtear *in absentia* láithriú os a chomhair)

I gCás C-400/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Sofiyski gradski sad (Cúirt Chathrach Shóifia, an Bhulgáir), trí bhreith an 29 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Meitheamh 2023, sna himeachtaí i gcoinne

**VB,**

idiragraithe:

**Sofiyska gradska prokuratura,**

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán an Tríú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, S. Rodin agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Wasmeier agus I. Zaloguin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Iúil 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 8(4), Airteagal 9 agus Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart chun bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh sin i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh i gcoinne VB maidir le gníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ina mórchionta ar féidir saoirse a chailliúint mar phionós dá mbarr.

## An dlí

### *Dlí an Aontais*

*Treoir 2016/343*

3 Leagtar an méid seo a leanas amach in aithrisí 9, 10, 12, 33, 39, 44, 47 agus 48 de Threoir 2016/343:

'(9) Is é is cuspóir don Treoir seo an ceart chun triail chóir a fháil a fheabhsú in imeachtaí coiriúla, trí íosrialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun bheith i láthair ag an triail.

(10) Trí íosrialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, is é is aidhm don Treoir seo muinín na mBallstát i gcóras dlí choiriúil na mBallstát eile a fheabhsú.

[...]

(12) Ba cheart go mbeidh feidhm ag an Treoir seo maidir le daoine nádúrtha atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla. Ba cheart feidhm a bheith aige ón tráth a bhfuil drochamhras ann go ndearna duine cion coiriúil nó ina ndéantar duine a chúisiú faoi chion coiriúil a bheith déanta aige nó aici, agus, dá bhrí sin, ón uair a chuirfidh údaráis inniúla Bhallstáit daoine ar an eolas, trí fhógra oifigiúil nó eile, go bhfuil amhras ann go ndearna siad cion coiriúil. Ba cheart an Treoir sin a chur i bhfeidhm ag gach céim de na himeachtaí coiriúla tar éis don chinneadh d'fhonn a chinneadh an ndearna an duine atá faoi dhrochamhras cion coiriúil a bheith críochnaitheach. Níor cheart caingne dlí agus

leigheasanna nach bhfuil ar fáil go dtí go mbeidh an cinneadh sin cinntitheach, teacht faoi raon feidhme na Treorach seo lena n-áirítear caingne os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

[...]

(33) Is ceann de phrionsabail bhunúsacha de shochaí dhaonlathach é an ceart chun triail chóir a fháil. Is ar an gceart sin a bhunaítear an ceart atá ag daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe chun bheith i láthair ag an triail agus ba cheart é a áirithiú ar fud an Aontais [Eorpaigh].

[...]

(39) I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht trialacha a reáchtáil gan an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe chun bheith i láthair, ach nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cinneadh a dhéanamh in éagmais duine ar leith atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe toisc nach bhféadfaí an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a aimsiú in ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta, mar shampla toisc gur theith an duine nó gur éalaigh sé, ba cheart mar sin féin a bheith in ann cinneadh a dhéanamh in éagmais an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe agus an cinneadh sin a fhorfheidhmiú. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, nuair a chuirfear duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ar an eolas faoin gcinneadh, go háirithe nuair a ghabhfar é, go gcuirfear ar an eolas é freisin faoin bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin agus faoin gceart chun trialach nua nó chun leigheas dlí eile. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i scríbhinn. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar ó bhéal freisin ar an gcoinníoll go ndéantar nóta den fhaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir leis an nós imeachta maidir le taifeadadh faoin dlí náisiúnta.

[...]

(44) Ceanglaítear le prionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais go gcuirfidh na Ballstáit leigheasanna leordhóthanacha éifeachtacha i bhfeidhm i gcás sárú ar cheart a thugtar do dhaoine aonair le dlí an Aontais. Ba cheart é a bheith d'éifeacht ag leigheas éifeachtach, atá ar fáil i gcás sárú ar aon cheann de na cearta a leagtar síos sa Treoir seo, a mhéid is féidir, na daoine atá faoi dhrochamhras nó na daoine cúisithe a chur sa staid chéanna ina mbeadh sé murach gur tharla an sárú, d'fhonn an ceart chun triail chóir a fháil agus cearta na cosanta a chosaint.

[...]

(47) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt (um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus (Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR'), lena n-áirítear [...] an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus an ceart chun triail chóir a fháil [...] Ba cheart Airteagal 6 (CAE) a chur san áireamh, go háirithe, lena bhforáiltear go n-aithníonn an tAontas gur prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais iad na cearta, saoirsí agus prionsabail a leagtar amach sa (Chairt) agus na cearta bunúsacha, mar a ráthaítear le ECHR, mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit.

(48) Ós rud é go mbunaítear rialacha íosta leis an Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na cearta a shainmhínítear sa Treoir sin a leathnú d'fhonn leibhéal cosanta níos airde a chur ar fáil. Níor cheart an leibhéal cosanta arna thabhairt ag na Ballstáit a bheith faoi bhun na gcaighdeán dá bhforáiltear leis an [gCairt] agus le ECHR, mar a léiríonn an Chúirt Bhreithiúnais [...] agus an Chúirt Eorpaí um Chearta an Duine.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar':

'Bunaítear leis an Treoir seo íosrialacha comhchoiteanna maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta in imeachtaí coiriúla;

(b) an ceart chun bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal 'Raon feidhme':

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le daoine nádúrtha atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla. Beidh feidhm aige ag gach céim de na himeachtaí, ón tráth a bhfuil drochamhras ann go ndearna duine cion coiriúil nó ina ndéantar duine a chúisiú faoi chion coiriúil a bheith déanta aige nó aici go dtí go ndéanfar an cinneadh deiridh cinntitheach cibé acu a rinne nó nach ndearna an duine sin an cion coiriúil lena mbaineann.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 8 den Treoir sin, dar teideal 'An ceart chun bheith i láthair ag an triail':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine atá cúisithe a bheith i láthair ag a dtriail.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ionas go bhféadfar triail a reáchtáil, ar triail a bhféadfadh cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a bheith mar thoradh léi, in éagmais an duine sin, ar choinníoll:

(a) go gcuirfí an triail agus na hiarmhairtí a bhaineann le neamhláithriú in iúl don duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in am trátha; nó

(b) go ndéanfadh dlíodóir sainordaithe ionadaíocht thar ceann an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin triail, ar dlíodóir é a cheap an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó a cheap an Stát.

3. Féadfar cinneadh arna dhéanamh i gcomhréir le mír 2 a fhorfheidhmiú in aghaidh an duine lena mbaineann.

4. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht trialacha a reáchtáil in éagmais an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ach gan na coinníollacha a leagtar síos i

mír 2 den Airteagal seo a bheith á gcomhlíonadh toisc nach féidir an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a aimsiú d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfar cinneadh a dhéanamh agus a fhorfheidhmiú ina dhiaidh sin féin. Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit, nuair a chuirfear duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ar an eolas faoin gcinneadh, go háirithe nuair a ghabhfar é, go gcuirfear ar an eolas é freisin faoin bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin agus faoin gceart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile, i gcomhréir le hAirteagal 9.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 9 de Threoir 2016/343, dar teideal 'Ceart chun trialach nua', don mhéid seo a leanas:

'Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, sa chás nach raibh siad i láthair ag a dtriail agus nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2), chun trialach nua nó chun leighis dlí eile faoinar féidir substaint an cháis a bhreithniú as an nua agus fianaise nua a scrúdú mar chuid de agus ar féidir go ndéanfaí an cinneadh bunaidh a fhreaschur dá bharr. I ndáil leis sin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag na daoine sin atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe chun bheith i láthair, chun bheith rannpháirteach go héifeachtach, i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoin dlí náisiúnta, agus cearta na cosanta a fheidhmiú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 10(1) den Treoir sin, dar teideal 'Leigheasanna dlí':

'Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar leigheas éifeachtach ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine cúisithe i gcás sárú ar na cearta dá bhforáiltear sa Treoir sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Cinneadh Réime 2002/584*

9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24) ('Cinneadh Réime 2002/584'):

'1. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an barántas gabhála Eorpach, arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, a dhiúltú mura raibh an duine i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, ach amháin má shonraítear an méid seo a leanas maidir leis an duine lena mbaineann sa bharántas gabhála Eorpach, i gcomhréir le haon cheanglais nós imeachta eile a shainmhínítear i ndlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna:

[...]

(d) nach bhfuair sé an cinneadh go pearsanta ach:
   (i) go seirbheálfar é go pearsanta air gan mhoill tar éis an tabhairt suas agus go gcuirfear ar an eolas go sainráite don duine a bhfuil ceart atrialach nó achomhairc aige, a bhfuil cead ag an duine a bheith páirteach inti nó ann agus ina gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur droim ar ais mar thoradh uirthi nó air; agus
   (ii) go gcuirfear ar an eolas é faoin gcreat ama ar laistigh de nach mór dó nó di atriail nó achomharc den sórt sin a iarraidh, mar a luaitear sa bharántas gabhála Eorpach lena mbaineann.

[...]

3. I gcás ina dtabharfar duine suas faoi na forálacha atá i mír 1(d) agus go mbeidh atriail nó achomharc iarrtha aige nó aici, déanfar coinneáil an duine sin atá ag feitheamh leis an atriail nó leis an achomharc sin a athbhreithniú, go dtí go dtabharfar na himeachtaí sin chun críche, i gcomhréir le dlí baile an Bhallstáit eisiúna, ar bhonn rialta nó arna iarraidh sin. Áireofar go háirithe le hathbhreithniú den sórt sin go bhféadfaí an choinneáil a chur ar fionraí nó a bhriseadh. Tosóidh an atriail nó an t-achomharc laistigh d'am trátha tar éis an tabhairt suas.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### *Dlí na Bulgáire*

10 Le hAirteagal 15(2) agus (3) de Nakazatelno-protsesualen kodeks (Cód um Nós Imeachta Coiriúil) (DV Uimh. 86 an 28 Deireadh Fómhair 2005)), ina leagan atá infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí, foráiltear mar a leanas:

'(2) Ní mór go dtabharfaí don chúisí agus do gach duine eile atá rannpháirteach sna himeachtaí coiriúla gach modh nós imeachta is gá chun a gcearta agus a leasanna dlisteanacha a chosaint.

(3) Míneoidh an chúirt, an t-ionchúisitheoir poiblí agus na húdaráis imscrúdaithe do na daoine dá dtagraítear i mír 2 na cearta nós imeachta atá acu agus áiritheoidh siad go mbeidh an deis acu iad a fheidhmiú.'

11 Le hAirteagal 423(1) go (4) de NPK, foráiltear mar a leanas:

'(1) Laistigh de 6 mhí tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin gciontú coiriúil deiridh [...], féadfaidh an duine a ciontaíodh *in absentia* a iarraidh go n-athosclófar an comhad coiriúil ar fhoras a neamhláithreachta ó [na himeachtaí coiriúla]. Ceadófar an t-iarratas murab ea nár éalaigh an duine ciontaithe, tar éis na cúisimh a bheith curtha in iúl le linn an fhiosrúcháin, agus é mar thoradh air sin nach bhféadfaí an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 247c(1) a chur i gcrích nó, tar éis na himeachtaí sin a chur i gcrích, nach raibh sé i láthair ag an éisteacht gan aon chúis bhailí.

(2) Ní chuirfear forfheidhmiú an chiontaithe choiriúil ar fionraí leis an iarraidh, seachas má dhéanfaidh an chúirt foráil dá mhalairt.

(3) Scoirfear d'imeachtaí a bhaineann le himeachtaí coiriúla a athoscailt má mhainníonn an duine a ciontaíodh *in absentia* láithriú ag an éisteacht gan údar láidir aige ina thaobh.

(4) I gcás ina gcoinneofar duine a ciontaíodh *in absentia* trí fhorghníomhú ciontaithe chríochnaithigh agus go n-athosclóidh an chúirt na himeachtaí coiriúla, tabharfaidh sí rialú chomh maith ar an mbeart coinneála mar chuid dá cinneadh.'

12 Le hAirteagal 424(1) agus (2) de NPK foráiltear mar a leanas:

'(1) Is í an Apelativen sad (an Chúirt Achomhairc, an Bhulgáir) inniúil a scrúdóidh iarraidh ar imeachtaí coiriúla a athoscailt i gcomhréir le hAirteagal 422(1)(5), i gcás ina gcuirfidh isteach Rayonen sad (Cúirt Dúiche, an Bhulgáir) nó Okrazhen sad (Cúirt Réigiúnach, an Bhulgáir) ag gníomhú di i gcáil cúirt achomhairc, an beart dá dtagraítear in Airteagal 419, ach amháin i gcás breithiúnais nua.

(2) Seachas sna cásanna dá bhforáiltear i mír 1, is é Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc) a scrúdóidh iarraidh ar imeachtaí coiriúla a athoscailt.'

13 In Airteagal 425(2) de NPK foráiltear mar a leanas:

'Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 423(1), athosclófar na himeachtaí agus tabharfar láimhseáil an cháis ar ais chuig an gcéim ar tionscnaíodh na himeachtaí mainneachtana aici.'

**Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh**

14 Tionscnaíodh imeachtaí coiriúla i gcoinne VB sa Bhulgáir. Cuirtear i leith VB, ar an gcéad dul síos, gur ghlac sé páirt in eagraíocht choiriúil arb é is cuspóir di drugaí támhshuanacha a shaothrú agus a dháileadh agus airm a bheith ina sheilbh aige agus, ar an dara dul síos, támhshuanaigh agus airm a bheith ina sheilbh aige. Is ionann na gníomhartha sin agus mórchionta ar féidir saoirse a chailliúint mar phionós dá mbarr.

15 Ní bhfuair VB aon fhógra foirmiúil faoi na cúisimh a cuireadh ina choinne. Ina theannta sin, níor cuireadh é ar an eolas faoina bheith curtha os comhair cúirte nó, *a fortiori*, faoi dháta agus áit na héisteachta ná faoi na hiarmhairtí a bhaineann le neamhláithriú. Níor éirigh leis na húdaráis náisiúnta inniúla VB a aimsiú, ós rud é gur éalaigh sé le linn chéim an fhiosrúcháin, roimh an oibríocht phóilíneachta a bhí dírithe ar dhaoine faoi dhrochamhras a ghabháil. Dearbhaíodh go raibh VB á lorg go sonrach trí mheán Barántas Gabhála Eorpach, ach níor aimsíodh é.

16 In 2022, rinne Spetsializiran nakazatelen sad (an Chúirt Choiriúil Speisialaithe, an Bhulgáir), ar tugadh na himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne VB os a comhair ar dtús, iarrataí ar réamhrialú maidir le léirmhíniú Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343. Bhain na hiarrataí sin, go háirithe, leis an gceist an gceanglaítear leis an Treoir sin ar chúirt a thugann ciontú *in absentia*, cé nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343, a léiriú go sainráite, sa chiontú, gurb ann don cheart chun triail nua a fháil.

17 Le breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *VB* (Duine arna chiontú *in absentia* a chur ar an eolas) (C-430/22 agus C-468/22, 'breithiúnas VB', EU:C:2023:458), thug an Chúirt freagra diúltach ar an gceist sin.

18 Dar le Sofiyski gradski sad (Cúirt Chathrach Shóifia, an Bhulgáir), atá tar éis na himeachtaí coiriúla sna príomhimeachtaí a thionscnamh ó cuireadh deireadh leis an Spetsializiran nakazatelen sad (Cúirt Choiriúil Speisialaithe), agus arb í an chúirt a rinne an tarchur í, d'fhéadfaí a thuiscint go gciallaíonn an breithiúnas in *VB* go gcomhlíonann reachtaíocht na Bulgáire Treoir 2016/343 agus

nach bhfuil gá le hiarracht ón gcúirt a chiontaíonn duine *in absentia* cé nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 8(4) den Treoir sin in iúl don duine sin.

19 Mar sin féin, ní bheadh léamh den sórt sin ar an mbreithiúnas in *VB* soiléir. Is gá soiléirithe breise a fháil ar raon feidhme Threoir 2016/343, ionas go soiléireofaí, *inter alia*, an cheist maidir le cathain is ceart an fhaisnéis dá dtagraítear leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) den Treoir sin a chur in iúl don duine a ciontaíodh *in absentia*.

20 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil na soiléirithe sin ag teastáil uaithi chun a mheas cibé an féidir léi leanúint de bheith ag cloí mar réamhshocrú leis na nósanna imeachta coiriúla i gceist sna príomhimeachtaí. Ós rud é gur dócha go pointe áirithe go gciontófar VB, tá sé ríthábhachtach a áirithiú gur leor an fhaisnéis a gheobhaidh VB ina dhiaidh sin ar an gciontú agus a chearta nós imeachta i bhfianaise na n-íosrialacha coiteanna a leagtar síos le Treoir 2016/343.

21 Is mian leis an gcúirt sin, go háirithe, a chinntiú go gcuirfear in iúl do VB, tráth a ghabhála féideartha, ní hamháin faoin gcaoi ar ciontaíodh é, ach chomh maith leis sin faoi na cearta nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 9 de Threoir 2016/343, dá dtagraítear leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) den Treoir sin.

22 Os rud é go bhfuil éifeacht dhíreach ag forálacha Threoir 2016/343, i gcomhréir le mír 28 de bhreithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)* (C-569/20, EU:C:2022:401), agus go gceanglaítear ar chúirteanna na Bulgáire, de bhun Airteagal 15(3) de NPK, na daoine atá faoi dhrochamhras a chur ar an eolas faoina gcearta nós imeachta, tá an chúirt sin ag iarraidh a fháil amach cad iad na bearta a d'fhéadfadh sí a dhéanamh nó ba cheart di a dhéanamh chun comhlíonadh na Treorach sin a áirithiú tar éis an chiontaithe a d'fhorchuirfeadh sí *in absentia*.

23 Ina leith sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, nach mór go mbeadh an fhianaise go léir ag an duine a cúisíodh *in absentia* maidir leis na forais ar ciontaíodh é dá mbarr. Ba cheart don Chúirt a shoiléiriú an gciallaíonn sé sin, *inter alia*, nach mór cóip den chinneadh iomlán a tugadh *in absentia* a thabhairt don duine lena mbaineann a luaithe a ghabhfar é nó í.

24 Chomh maith leis sin, maidir le cearta nós imeachta an duine a ciontaíodh *in absentia*, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur léiriú a fháil ar théarmaí áirithe a leagtar amach leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus le hAirteagal 9 de Threoir 2016/343, go háirithe na téarmaí '[bh]féidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin', 'ceart chun trialach nua' agus 'leigheas dlí eile'.

25 I ndáil leis sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, sa Bhulgáir, gurb é 15 lá an teorainn ama chun achomharc a thaisceadh i gcoinne ciontú *in absentia* agus go ritheann sí gan bhriseadh ó dháta seachadta an chiontaithe sin, fiú mura bhfuil an duine lena mbaineann fós ar fáil. Dá réir sin, leagtar amach an t-aon leigheas dlí atá ar fáil i gcoinne Airteagal 423 de NPK, maidir le hathoscailt fhéideartha an nós imeachta coiriúil, i gcoinne ciontú *in absentia* a luaithe a gheobhaidh an ciontú sin, ar an 16ú lá tar éis dó a bheith tugtha, feidhm *res judicata*.

26 Mar sin féin, ní fhoráiltear le dlí na Bulgáire nach mór an duine a cúisíodh *in absentia* a chur in iúl faoin bhféidearthacht a iarraidh go n-athosclófar an nós imeachta coiriúil.

27 Thairis sin, ní fhéadfaí an t-iarratas ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla a dhéanamh go dtí go mbeadh feidhm *res judicata* faighte ag an mbreithiúnas *in absentia* agus níl dlínse ach ag Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne a chinnidh, chun an t-iarratas sin a scrúdú. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le cé acu an ráthaítear le réimse nós imeachta den chineál sin éifeachtúlacht an chirt 'chun trialach nua nó chun leighis dlí eile' de réir bhrí an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343.

28 Is cosúil, thairis sin, go bhfuil éifeacht ag an oibleagáid, dá uireasa sin, an t-iarratas ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla a dhíbhe, ar éifeachtacht an chirt sin teacht os comhair na cúirte a dhéanfaidh scrúdú ar an iarratas sin. Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara nach bhfuil ceanglas den chineál sin mar cheann de na híoschaighdeáin comhchoiteanna arna leagan síos ag reachtóir an Aontais agus go bhféadfadh siad, i bhfianaise chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hAirteagal 6 de ECHR, a bheith ar neamhréir leis an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach a fháil, mar a leagtar amach in Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 10(1) de Threoir 2016/343.

29 Is é an toradh a bheadh ar na tosca thuasluaite ná, sa Bhulgáir, nach gcuirtear in iúl ná nach n-aithnítear fiú an 'ceart chun trialach nua nó leigheas dlí eile faoinar féidir substaint an cháis a bhreithniú as an nua', de réir bhrí Threoir 2016/343, tráth a chuirtear an duine a chiontaítear *in absentia* ar an eolas faoina chiontú. Os a choinne sin, féadfaidh an duine sin an ceart sin a chomhlíonadh in imeachtaí arna dtionscnamh os comhair Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh). Is gá a chinneadh an bhfuil córas den sórt sin comhoiriúnach le dlí an Aontais.

30 Tá imní ar an gcúirt a rinne an tarchur freisin, tríd an gceart chun trialach nua a chur faoi réir imeachtaí a thionscnamh a thagann i ndiaidh an trátha a fhaigheann an cinneadh *in absentia* feidhm *res judicata*, gur chruthaigh reachtóir na Bulgáire cás ina dtagann an ceart chun trialach nua lasmuigh de raon feidhme Threoir 2016/343, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Treoir sin, arna léamh i bhfianaise aithris 12 di.

31 Thairis sin, de réir na cúirte sin, tá an baol ann go bhfágfadh rialacha mionsonraithe chóras nós imeachta na Bulgáire lena mbaineann go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair VB a thabhairt suas dá ndéanfaí VB a aimsiú agus a ghabháil i mBallstát eile. Leanann sé as Airteagal 4a(1)(d) de Chinneadh Réime 2002/584 nach féidir leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú don bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú má luaitear sa bharántas sin, go bhfaighidh an duine lena mbaineann, gan mhoill, tar éis dó a bheith tugtha suas, seirbheáil an chinnidh arna thabhairt *in absentia*. Mar sin féin, ní fhoráiltear don fhaisnéis sin i ndlí na Bulgáire.

32 Ina theannta sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur conas a d'fhéadfadh sí féin a chinneadh ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343. Is mian leis an gcúirt sin, go háirithe, a fháil amach an fúithi atá sé, sula dtugann sí breithiúnas faoin ngné sin sa chinneadh a thabharfaidh sí *in absentia*, éisteacht leis an dlíodóir atá ag cosaint an duine atá as láthair.

33 Ar deireadh, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go bhfaighfear VB neamhchiontach, is mian leis an gcúirt sin a fháil amach an bhfuil na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2016/343 ábhartha i gcás den sórt sin. Níl foclaíocht na Treorach sin soiléir ina leith sin, ós rud é go dtagraíonn sí do 'chinneadh' a thugtar *in absentia* agus ní do chiontú *in absentia* go sonrach. Tugtar le fios le

sleachta áirithe d'Airteagal 8 den Treoir sin, amhail na focail 'an cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht', go gcumhdaítear aon chinneadh, agus tugtar le fios le sleachta eile, amhail na focail 'go háirithe nuair a ghabhfar é', nach mbaineann ach le ciontuithe *in absentia*.

34 Sa chomhthéacs seo, chinn Sofiyski gradski sad (Cúirt Chathrach Shóifia) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) a) An gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir (AE) [2016/343] a léiriú amhail nach mór, duine a ciontaíodh *in absentia*, in éagmais aon cheann de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 8(2), agus ar cuireadh pianbhreith choimeádta air a chur ar an eolas faoin gcinneadh lena gciontaítear é nuair a ghabhtar é chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú?

b) Cad is brí leis an gceanglas "go gcuirfear an duine ar an eolas faoin gcinneadh" a leagtar síos sa dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir (AE) [2016/343] agus an gciallaíonn sé gur gá cóip den chinneadh sin a sheirbheáil?

c) Más freagra diúltach a thabharfar ar [Cheisteanna 1.1 agus 1.2], an gcuireann an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir (AE) [2016/343] bac ar chúirt náisiúnta cinneadh a dhéanamh chun a áirithiú go seirbheáiltear cóip den chinneadh sin?

(2) a) An bhfuil reachtaíocht náisiúnta – i gcás ina scrúdaítear cúiseamh coiriúil agus ina n-eisítear cinneadh breithiúnach in éagmais an chúisí lena bhforchuirtear ciontú gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir a chomhlíonadh, nach leagtar síos inti aon nósanna imeachta maidir leis an duine a ciontaíodh *in absentia* a chur ar an eolas faoina cheart chun trialach nua lena rannpháirtíocht, agus, go háirithe, nach gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil nuair a ghabhtar an duine a ciontaíodh *in absentia*, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) den Treoir sin?

b) An mbaineann sé le hábhar go bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta – Airteagal 423 den Chód um Nósanna Imeachta Coiriúla (NPK) – nach mór an duine a ciontaíodh *in absentia* a chur ar an eolas faoina cheart chun trialach nua, ach ní go dtí go mbeidh iarratas déanta aige chun an ciontú sin a chur ar neamhní nó chun triail nua a reáchtáil lena rannpháirtíocht, a mhéid is gá an fhaisnéis sin a chur ar fáil dó i bhfoirm cinneadh breithiúnach, mar fhreagairt ar an iarratas sin?

c) Murab amhlaidh an cás, an gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2016/343, más rud é go sonraíonn an chúirt a scrúdaigh an t-ionchúiseamh coiriúil agus a d'eisigh an cinneadh lena gciontaítear an cúisí *in absentia*, i gcás nach bhfuil feidhm ag na himthosca dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) den Treoir, ina cinneadh ceart an duine sin chun trialach nó leighis dlí eile agus ina gceanglaítear ar na daoine a bhfuil an duine ciontaithe faoi choimeád acu cóip den chinneadh sin a sheirbheáil air?

d) Más amhlaidh atá, an gcuirtear bac, leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir [2016/343], ar chúirt a eisíonn cinneadh lena gciontaítear duine cúisithe *in absentia*, in éagmais aon cheann de na himthosca dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) den Treoir sin, cinneadh a dhéanamh go bhfuil an ceart ag an duine sin chun trialach nua nó leighis dlí eile faoi Airteagal 9 den Treoir sin agus an gcuirtear bac ar an gcúirt a chur de cheangal ar na daoine a ghabhann an duine a bhfuil pianbhreith curtha air cóip den chinneadh sin a sheirbheáil air?

3) Cad é an chéad phointe ama agus an tráth deireanach féideartha a gcaithfidh an chúirt cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann na himeachtaí coiriúla a seoladh gan an cúisí a bheith i láthair na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir [2016/343] agus a gcaithfidh sí bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an duine sin ar an eolas faoina chearta i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) den Treoir sin?

4) An bhfuil tuairimí an abhcóide cúisimh agus abhcóide cosanta an chúisí nach bhfuil i láthair le cur san áireamh sa chinneadh dá dtagraítear i [gCeist 3] thuas?

5) a) An dtagraíonn an frása "[an fhéidearthacht] agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh" sa dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir [2016/343] don cheart chun achomharc a dhéanamh laistigh den tréimhse achomhairc nó an dtagraíonn sé do chur i gcoinne cinneadh breithiúnach atá tagtha chun bheith críochnaitheach?
   b) Cad ba chóir a bheith san fhaisnéis atá le cur ar fáil i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir [2016/343] do dhuine a ciontaíodh *in absentia*, gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) a chomhlíonadh faoin "bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh agus [faoina] cheart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile, i gcomhréir le hAirteagal 9": ar chóir go mbainfeadh an fhaisnéis sin leis an gceart chun leighis dlí, má dhéanann sé agóid i gcoinne a chiontaithe *in absentia*, nó an ceart chun iarratas den sórt sin a dhéanamh, a bhfuil tuillteanais an iarratais sin le measúnú ag céim níos déanaí?

6) Cad is brí leis an bhfrása 'leigheas dlí eile, lena bhféadtar tuillteanais an cháis a bhreithniú as an nua, lena n-áirítear fianaise nua a scrúdú, agus lenar féidir go dtarlóidh sé go ndéanfar an cinneadh bunaidh a fhreaschur' sa chéad abairt d'Airteagal 9 de Threoir [2016/343]?

7) An bhfuil foráil dlí náisiúnta – Airteagal 423(3) de NPK – lena n-éilítear láithreas i bpearsa an duine a ciontaíodh *in absentia* mar réamhchoinníoll chun a iarratas ar thriail nua a bhreithniú agus chun é a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir (AE) 2016/343?

8) An bhfuil feidhm ag an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343 maidir le daoine a bhí ina n-ábhar do bhreithiúnas?'

**Na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú**

***Ceist 1(a) agus (b), Ceist 2(a) agus (b) agus Ceisteanna 3 agus 5 go 7***

35 Le Ceist 1(a) agus (b), Ceist 2(a) agus (b) agus Ceisteanna 3 agus 5 go 7, nach mór a scrúdú le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, maidir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9 den Treoir sin, ar cheart léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

– Ní mór go gcuirfí ar an eolas duine a ciontaíodh *in absentia* cé nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin ar an eolas, nuair a ghabhtar é chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú, ar an gcéad dul síos, faoin gcinneadh a thugtar *in absentia* trí cóip den bhreithiúnas iomlán sin a fháil agus, ar an dara dul síos, faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil, agus

– cuirtear cosc leis, tar éis dhul in éag na tréimhse atá leagtha síos chun achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh a tugadh *in absentia*, gurb ionann an t-aon leigheas dlí amháin atá ar fáil don duine lena mbaineann chun iarratas a dhéanamh, os comhair cúirte seachas an chúirt a thug an breithiúnas sin agus ar choinníoll go dtagann an duine sin os comhair na cúirte sin, iarratas ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla.

36 Ní mór a mheabhrú go bhfuil sé de chuspóir ag Treoir 2016/343, i gcomhréir le hAirteagal 1 de, íosrialacha coiteanna a leagan síos maidir le gnéithe áirithe d'imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear 'an ceart chun bheith i láthair ag an triail'. Mar a dheimhnítear go sonrach le haithris 33 den Treoir sin, is ionann an ceart sin agus cuid lárnach den cheart bunúsach chun triail chóir a fháil (breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 25).

37 Le hAirteagal 8(1) den Treoir sin, forchuirtear an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go gcloífear leis an gceart sin. Mar sin féin, de bhun mhír 2 agus mír 4 den Airteagal sin, féadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, foráil a dhéanamh don triail mar réamhshocrú (breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 26).

38 Foráiltear le míreanna 2 agus 4, go bunúsach go bhféadfaidh na daoine atá faoi dhrochamhras agus na daoine atá cúisithe, nár cuireadh ar an eolas gur reáchtáladh triail ina leith nó, cé gur cuireadh ar an eolas iad faoin triail, nár cuireadh ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain teacht i láthair agus nach ndéanann dlíodóir údaraithe ionadaíocht orthu, a bheith ina n-ábhar do chinneadh a thugtar *in absentia* agus atá infhorfheidhmithe, ach nach mór, nuair a chuirtear an cinneadh sin in iúl dóibh, 'go háirithe nuair a ghabhfar é', a chur ar an eolas freisin faoi na leigheasanna dlí uile atá ar fáil dóibh i ndáil leis an gcinneadh sin.

39 I gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, maidir leis na daoine atá faoi réir breithiúnas arna thabhairt *in absentia* cé nár comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin, a chur in iúl faoin 'bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin agus faoin gceart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile, i gcomhréir le hAirteagal 9'.

40 Ní mór léiriú a dhéanamh ar an dara habairt d'Airteagal 8(4), trí fhéachaint do théacs agus do chomhthéacs na forála sin agus do na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid díobh iad (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Maidir le foclaíocht na forála sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé soiléir ó na focail 'go háirithe nuair a ghabhfar é', ainneoin nach féidir é a chur as an áireamh go bhféadfar duine a ciontaíodh *in absentia* a chur ar an eolas faoin gciontú sin gan bheith gafa chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú, nach mór go gcuirfí in iúl don duine sin, i gcás gabhála, tráth a ghabhfar é, gur ciontaíodh é, mura ndearnadh an fhaisnéis sin a sholáthar dó roimh an ngabháil sin.

42 Ar an dara dul síos, is léir chomh maith ó fhoclaíocht an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 nach mór an duine lena mbaineann a chur in iúl, tráth a chuirtear in iúl gur ciontaíodh é *in absentia*, sa chás dá dtagraítear san fhoráil sin, inar tugadh cinneadh *in absentia* cé nár

comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) den Treoir sin, faoin 'bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin agus faoin[a] cheart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile, i gcomhréir le hAirteagal 9 [den Treoir sin]'.

43 Is féidir dhá thásc chomhsheasmhacha a bhaint as an bhfoclaíocht sin. Ar an gcéad dul síos, léirítear leis an tagairt don fhéidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh *in absentia*, a chuirtear i láthair mar eilimint nós imeachta atá ar leithligh ón '[g]ceart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile' agus atá neamhspleách air, go bhfuil an fhéidearthacht ag na Ballstáit nós imeacht a sholáthar sa tréimhse roimh an triail nua nó roimh fheidhmiú an leighis dlí eile dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Threoir 2016/343. Le nós imeachta den sórt sin, d'fhéadfadh féachaint lena shuíomh nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le triail nua a reáchtáil nó 'leigheas dlí eile' a fheidhmiú.

44 Ar an dara dul síos, is léir ó úsáid an chónaisc chomhordaithigh 'nó' sa fhrása 'ceart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile' go bhfuil sé de rogha ag na Ballstáit foráil a dhéanamh d'athoscailt imeachtaí coiriúla i bhfoirm triail nua nó foráil a dhéanamh do 'leigheas dlí eile' nach mór, i gcomhréir le hAirteagal 9 den Treoir sin, a bheith coibhéiseach le triail nua, sa mhéid nach mór dó measúnú nua ar fhiúntas an cháis a cheadú, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar fhianaise nua, agus nach mór dó a bheith in ann an cinneadh tosaigh a chur ar neamhní mar thoradh air (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 59).

45 Ar an tríú dul síos, is léir ó fhoclaíocht an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 gur staon reachtóir an Aontais ó shoiléiriú a thabhairt maidir le conas nach mór an fhaisnéis maidir leis an '[g]ceart chun trialach nua nó chun leighis dlí eile' a chur ar fáil (breithiúnas *VB*, mír 27). Go háirithe, ní fhoráiltear leis an bhforáil sin nach mór an fhaisnéis sin a lua sa bhreithiúnas a tugadh *in absentia*. Ní léir ach an oiread an gceanglaítear ar an gcúirt a thugann an breithiúnas sin, faoin Treoir sin, a shonrú, sa bhreithiúnas sin nó in ordú atá i gceangal leis an mbreithiúnas sin, cén t-údarás a chaithfidh an fhaisnéis sin a chur in iúl agus conas a dhéanfaidh an t-údarás sin é.

46 Dá bhrí sin, ní chuirtear bac ar Bhallstát le Treoir 2016/343 córas nós imeachta a bhunú nach mbeidh athoscailt imeachtaí coiriúla mar thoradh air go huathoibríoch, ach ceanglaítear ar dhaoine a ciontaíodh *in absentia* agus a bhfuil suim acu in athoscailt den sórt sin iarratas a dhéanamh chuige sin os comhair cúirt eile, ar leithligh ón gcúirt a d'eisigh an breithiúnas *in absentia*, chun go bhféadfaidh an chúirt eile sin a fhíorú go gcomhlíontar an coinníoll lena ndéantar an ceart chun trialach nua, eadhon mainneachtain na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin a chomhlíonadh. Tá córas den sórt sin i gcomhréir leis an Treoir sin, a mhéid, ar an gcéad dul síos, a cheadaítear leis an nós imeachta chun a iarraidh go n-athosclófaí triail nua i ngach cás ina suitear, tar éis a fhíorú, nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin agus, ar an dara dul síos, go gcuirtear in iúl freisin don duine a ciontaíodh *in absentia*, nuair a chuirtear in iúl dó nó di go bhfuil sé nó sí ciontaithe, gurb ann don nós imeachta sin.

47 Tacaíonn toradh an scrúdaithe ar an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, mar a leagtar amach i mír 46 den bhreithiúnas seo, le comhthéacs na forála sin.

48 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir le léiriú ar an bhforáil sin ar dá réir nach mór aitheantas a thabhairt do cheart an duine arna chiontú *in absentia* chun trialach nua chomh luath is a chuirtear in iúl dó gur ciontaíodh é, nach réiteodh an léiriú sin le hAirteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584. Tá nasc feidhmiúil ag an Airteagal sin, i gcás ina n-eisítear barántas

gabhála Eorpach, leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 agus, dá bhrí sin, is gné chomhthéacsúil ábhartha é chun an Treoir sin a léiriú. Mar sin féin, foráiltear le hAirteagal 4a(1)(d)(ii) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584 go bhféadfaí nós imeachta a thabhairt isteach chun triail nua a iarraidh. Dá bhrí sin, bhainfí éifeacht phraiticiúil den rogha sin dá gceanglófaí ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt don cheart chun trialach nua a luaithe a chuirfí in iúl don duine lena mbaineann gur ciontaíodh é *in absentia*.

49 Thairis sin, dá ndéanfaí an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 a léirmhíniú sa chiall go gceanglaítear leis an bhforáil sin aitheantas láithreach a thabhairt don cheart chun trialach nua, ní thabharfaí aird chuí ar chomhthéacs chomhchuibhiú íosta na forála sin. Ós rud é nach soláthraítear le Treoir 2016/343 ach soiléiriú íosta maidir leis na leigheasanna dlí nach mór a bheith ar fáil i gcás inar tugadh breithiúnas *in absentia* gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin a bheith comhlíonta, is faoi dhlíchóras intíre gach Ballstáit atá sé, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, na leigheasanna dlí sin a chinneadh.

50 Dá bhrí sin, fágann dlí an Aontais go bhfuil lánrogha ag na Ballstáit a ndlí nós imeachta a eagrú, agus é á thuiscint, áfach, nár cheart go mbeadh an córas nós imeachta arna bhunú ag an reachtas náisiúnta níos neamhfhabhraí d'fheidhmiú na gceart a thugtar le dlí an Aontais ag daoine aonair ná d'fheidhmiú na gceart a thugtar leis an dlí náisiúnta (prionsabal na coibhéise) agus nár cheart é a cheapadh ar bhealach a d'fhágfadh go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair go hiarbhír na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (féach chuige sin, *inter alia*, breithiúnas an 23 Samhain 2023, *Provident Polska*, C-321/22, EU:C:2023:911, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Ina theannta sin, tá an scrúdú ar fhoclaíocht an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 i gcomhréir le cuspóir na Treorach sin.

52 Is éard atá i gceist leis an gcuspóir sin, mar a luaitear in aithrisí 9 agus 10 den Treoir sin, an ceart chun triail chóir a fháil in imeachtaí coiriúla a neartú, chun muinín na mBallstát i gcóras ceartais choiriúil na mBallstát eile a mhéadú (breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 36).

53 Mar sin féin, le léiriú ar an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 ar dá réir nach gcuirtear cosc leis an bhforáil sin ar chóras nós imeachta nach é atá i gceist leis an duine a ciontaíodh *in absentia* a chur ar an eolas, nuair a thagann sé ar an eolas faoina chiontú, go bhfuil an ceart aige chun triail nua a fháil, ach an duine sin a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar thriail nua os comhair cúirte lena bhfíorófar an bhfuil an coinníoll chun triail nua a reáchtáil, eadhon mainneachtain na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343 a chomhlíonadh, in ann rannchuidiú leis an gcuspóir maidir leis an gceart chun triail chóir a fháil neartú, ar choinníoll go gcomhlíonann an córas nós imeachta sin na coinníollacha dá dtagraítear i mír 46 den bhreithiúnas seo, eadhon, go háirithe, go n-eascraíonn as sin gur gá triail nua a reáchtáil i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2), gan an chúirt a bheith in ann scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar thriail den sórt sin chun diúltú dul ar aghaidh ar bhonn critéir eile seachas na critéir a leagtar síos san fhoráil dheireanach sin.

54 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a mheas, i bhfianaise na soiléirithe thuasluaite, cibé an bhfuil an réimse nós imeachta arna bhunú ag reachtóir na Bulgáire, comhoiriúnach le Treoir 2016/343. An méid sin ráite, féadfaidh an Chúirt treoir úsáideach a chur ar fáil chun críche an mheasúnaithe sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BV*, C-570/20, EU:C:2022:348, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Is cosúil, ar bhonn na faisnéise a leagtar amach san iarraidh ar réamhrialú, i gcásanna amhail an cás sna príomhimeachtaí, go bhfágann reachtaíocht na Bulgáire go bhfuil Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) inniúil go heisiach chun scrúdú a dhéanamh ar iarrataí ar imeachtaí coiriúla a athoscailt, arb ionann iad, go bunúsach, agus iarrataí ar thriail nua. Féadfaidh daoine a ciontaíodh *in absentia* sa Bhallstát sin iarraidh den sórt sin a dhéanamh laistigh de 6 mhí tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin gcinneadh arna thabhairt *in absentia*, ar tréimhse í a théann thar an tréimhse inar féidir achomharc i gcoinne an chinnidh sin a thaisceadh.

56 Chuige sin, ar an gcéad dul síos, ní mór a shoiléiriú i gcás ina reáchtáiltear triail nua i ndiaidh nós imeachta um iarratas ar imeachtaí coiriúla a athoscailt, ní bheidh ach an cinneadh a tugadh ag deireadh na n-imeachtaí nua sin, a luaithe a bheidh feidhm *res judicata* faighte aige, mar an gcinneadh cinntitheach d'fhonn a chinneadh an ndearna an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe cion coiriúil, de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir 2016/343, arna léamh i gcomhar le haithris 12 den Treoir sin. Leanann sé ón méid sin go dtagann nós imeachta maidir le hiarratas ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla, amhail an ceann dá bhforáiltear le dlí na Bulgáire, faoi chéimeanna den nós imeachta coiriúil a bhfuil feidhm ag an Treoir sin ina leith.

57 Is léir, freisin, ó mhíreanna 46 agus 50 den bhreithiúnas seo nach dtagann bunú imeachtaí den sórt sin chun imeachtaí coiriúla a athoscailt, nach bhfuil triail nua i gceist leis, ann féin, ach a bhféadfadh triail den sórt sin a bheith mar thoradh air, salach ar Threoir 2016/343, ar choinníoll go gcomhlíonann na himeachtaí athoscailte sin na ceanglais go léir a eascraíonn as prionsabal na héifeachtachta agus, thairis sin, go gcomhlíonann siad prionsabal na coibhéise.

58 Maidir le prionsabal na coibhéise, faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, is cosúil go bhfuil rochtain ag iomlán na ndaoine a ciontaíodh *in absentia* ar an nós imeachta maidir le hiarratas ar athoscailt imeachtaí coiriúla a leagtar amach in Airteagal 423 de NPK. Sa chomhthéacs sin, is féidir a mheas go n-urramaítear prionsabal na coibhéise.

59 Maidir le prionsabal na héifeachtachta, tá sé tábhachtach, ar an gcéad dul síos, go n-áiritheofaí go n-aithneofaí an ceart chun triail nua a fháil i ngach cás nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin mar thoradh ar an nós imeachta um iarratas ar imeachtaí coiriúla a athoscailt. Go deimhin, ní féidir an ceart chun triail nua a bhaint den duine a ciontaíodh *in absentia*, ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 31).

60 Mar is léir ó mhír 44 den bhreithiúnas a tugadh inniu i gCás C-644/23, *Stangalov*, is cosúil, faoi réir fíorú ón gcúirt a rinne an tarchur, nach dtugtar ráthaíocht den sórt sin le hiarratas ar athoscailt imeachtaí coiriúla amhail an ceann arna bhunú ag reachtas na Bulgáire sa chás seo.

61 Chun críocha phrionsabal na héifeachtachta, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a fhíorú, ar an dara dul síos, cibé an ráthaítear le dlí na Bulgáire go bhfaighidh an duine a ciontaíodh *in absentia*, tráth a chuirtear in iúl dó gurb ann don chiontú sin nó go pras ina dhiaidh sin, cóip den

chinneadh a tugadh *in absentia* ina iomláine agus a chearta nós imeachta a chur in iúl, lena n-áirítear maidir leis an bhféidearthacht iarratas a chur isteach ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla agus an chúirt ar os a comhair agus an teorainn ama ar laistigh di nach mór an iarraidh sin a dhéanamh.

62 Mar sin féin, san iarraidh ar réamhrialú, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach n-áirítear aon fhoráil le dlí na Bulgáire lena bhforchuirtear go sonrach nach mór an fhaisnéis sin a tharchur chuig duine a ciontaíodh *in absentia*.

63 Ar an tríú dul síos, ní mór aon nós imeachta chun triail nua a iarraidh a shocrú ar bhealach lena ndéileálfar leis an iarraidh sin go gasta, ionas gur féidir a chinneadh a luaithe is féidir a tharla an triail *in absentia* gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343 a bheith comhlíonta. Go deimhin, mar is léir ó Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 den Treoir sin, braitheann an ceart chun triail nua a fháil ar chinneadh nár comhlíonadh na coinníollacha sin. I gcás ina mbunaíonn Ballstát córas nós imeachta nár cinneadh fós ina leith, tráth a chuirtear in iúl don duine lena mbaineann gur ann do chiontú *in absentia* arna fhorchur air nó uirthi, más rud é gur tugadh an ciontú sin gan na coinníollacha sin a bheith comhlíonta, is faoin mBallstát sin atá sé, dá uireasa sin, an bonn a bhaint de phrionsabal na héifeachtachta, a áirithiú go ndéanfar an scrúdú sin go tapa tar éis an t-iarratas ar thriail nua a thaisceadh.

64 Tá an ceanglas sin go ndéileálfar go gasta leis níos tábhachtaí fós ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 8(4) de Threoir 2016/343, amhail aithris 39 den Treoir sin, go bhféadfadh sé gur in-fhorfheidhmithe iad na cinntí arna dtabhairt *in absentia* gan na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) den Treoir sin a bheith comhlíonta. I bhfianaise na féidearthachta sin pionóis arna bhforchur *in absentia* a fhorfheidhmiú, is gá, chun éifeachtacht na n-iarrataí ar thriail nua a chaomhnú, measúnú a chur ag gabháil le próiseáil na n-iarratas sin ar an ngá atá leis an iarratasóir a choinneáil faoi choimeád, dá dtagraítear in Airteagal 4a(3) de Chinneadh Réime 2002/584.

65 Sa chás seo, is cosúil go bhforáiltear le hAirteagal 423(2) agus (4) de NPK do scrúdú den sórt sin, nach bhfuil a thoradh le feiceáil, áfach, ach amháin sa chinneadh maidir le hathoscailt na n-imeachtaí coiriúla. I gcomhthéacs athmhúnlú den sórt sin ar an dlí nós imeachta náisiúnta, tá sé fíor-riachtanach an cinneadh maidir leis an iarratas sin ar athoscailt a ghlacadh chomh tapa agus is féidir chun prionsabal na héifeachtachta a chomhlíonadh.

66 Ceanglaítear le prionsabal na héifeachtachta, ar an gceathrú dul síos, go mbeidh an duine lena mbaineann in ann é féin a chur in iúl, go pearsanta nó trí dhlíodóir, maidir leis an gceist ar tharla an triail *in absentia* cé nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 44 go 47 dá Thuairim, féadfaidh tionchar cinntitheach a bheith ag na barúlacha arna dtabhairt ní hamháin ag an gcúiseamh ach ag dlíodóirí na cosanta freisin ar an measúnú ar an gceist sin agus féadfaidh siad a bheith cinntitheach maidir le toradh an nós imeachta um triail nua a iarraidh. Dá réir sin, in éagmais na féidearthachta don duine a ciontaíodh *in absentia* a chás a chur i láthair i ndáil leis sin, sárófaí an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil agus, sa chaoi sin, éifeachtacht an nós imeachta chun triail nua a iarraidh, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcomhlíonfar an ceart bunúsach sin.

67 An méid sin ráite, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá aire i míreanna 60 go 62 dá Thuairim, ní féidir a thuiscint go dtugtar le tuiscint leis an rogha sin don duine a chiontaítear *in absentia* a bharúlacha a chur isteach chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343 go bhfuil oibleagáid ar an duine lena mbaineann teacht i láthair go pearsanta os comhair na cúirte a scrúdaíonn an t-iarratas sin.

68 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, mar a léirítear i mír 41 den bhreithiúnas seo, ní féidir a chur as an áireamh gur cuireadh an duine a cúisíodh *in absentia* faoin gciontú sin gan bheith gafa. Sna himthosca sin, is é an oibleagáid atá ar an duine lena mbaineann chun bheith i láthair go pearsanta os comhair na cúirte a ndearna sé iarratas ar thriail nua chuici, mar a chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, nach mór a cásdlí, mar is léir ó aithrisí 47 agus 48 de Threoir 2016/343, a chur san áireamh (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 4 Iúil 2024, *FP agus páirtithe eile (Triail trí fhíschomhdháil)*, C-760/22, EU:C:2024:574, míreanna 22 go 24), chun oibleagáid a chur ar duine atá fós saor chun bheith ina phríosúnach ionas go bhféadfadh sé tairbhe a bhaint as a cheart chun trialach nua, rud a bheadh ar neamhréir leis an gceart bunúsach chun trialach córa (ECtHR, 14 Nollaig 1999, *Khalfaoui* v *an Fhrainc*, CE:ECHR:1999:1214JUD003479197, § 49 agus ECtHR, 13 Feabhra 2001, *Krombach* v *an Fhrainc*, CE:ECHR:2001:0213JUD002973196, § 87).

69 Mar sin féin, dar leis an iarraidh ar réamhrialú, is léir ó Airteagal 423(3) de NPK, déantar an t-iarratas ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla a dhíbhe, i gcás mhainneachtain an duine lena mbaineann chun bheith i láthair go pearsanta os comhair an Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), mura bhfuil aon ‘chúis bhailí’ ann chun bunús a thabhairt do mhainneachtain an duine sin chun bheith i láthair go pearsanta. Ní mór a mheas gur dócha go bhfágfaidh oibleagáid den sórt sin teacht i láthair go pearsanta go mbeidh sé ródheacair ‘an ceart chun trialach nua nó leighis eile a fheidhmiú, i gcomhréir le hAirteagal 9 [de Threoir 2016/343]’, dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de.

70 Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Airteagal 423 de NPK le Treoir 2016/343 i bhfianaise na gceanglas éagsúil a eascraíonn as prionsabal na héifeachtachta, is faoin gcúirt a rinne an tarchur agus faoi aon chúirt náisiúnta inniúil eile a bheidh sé, ar deireadh, i gcás ina ndeimhnítear gurb ann d’easnaimh sa reachtaíocht náisiúnta ina leith sin, a mheas an féidir, mar sin féin, an reachtaíocht sin a léirmhíniú, agus, go háirithe, Airteagal 423 de NPK, ar bhealach lena bhféadfar na ceanglais sin a chomhlíonadh.

71 Dá bhrí sin, is faoi na cúirteanna náisiúnta, mar a leagtar amach i mír 45 den bhreithiúnas a tugadh inniu i gCás C-644/23, *Stangalov*, a bheidh sé scrúdú a dhéanamh an féidir Airteagal 423(1) de NPK a léiriú ar bhealach lena ndéanfar an t-eisiamh ón gceart chun trialach nua dá bhforáiltear ann a theorannú do chásanna inar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343.

72 Is faoi na cúirteanna náisiúnta sin freisin a bheidh sé scrúdú a dhéanamh an bhféadfar forálacha dhlí nós imeachta na Bulgáire, amhail Airteagal 15 de NPK, arna léamh i gcomhar le forálacha níos sonraí, a léiriú ar bhealach lena gceadófar an chonclúid go bhfuil sé ríthábhachtach nach mór daoine a chiontaítear *in absentia*, tráth a chuirtear in iúl dóibh gur ann do chiontú *in absentia* arna fhorchur orthu nó go pras ina dhiaidh sin, a chur ar an eolas faoina gcearta nós imeachta, go háirithe faoin bhféidearthacht iarratas ar athoscailt na n-imeachtaí coiriúla a chur isteach..

73 Féadfaidh na cúirteanna náisiúnta, ag an am céanna, breithniú a dhéanamh ar cé acu an féidir léiriú a dhéanamh ar an eisceacht, dá bhforáiltear le hAirteagal 423(3) de NPK, maidir le 'cúis bhailí' sa chaoi go gceadaítear leis an eisceacht sin a áirithiú go ndéanfaí na hiarratais um an nós imeachta coiriúil a athoscailt a scrúdú i gcás nach dtagann an t-iarratasóir i láthair go pearsanta, ach ina ndéanann sé a chás a chosaint trí dhlíodóir.

74 I gcás nach féidir léiriú a dhéanamh ar reachtaíocht na Bulgáire ar bhealach atá comhréireach le ceanglais dhlí an Aontais, bheadh sé de cheangal ar na cúirteanna náisiúnta gach foráil náisiúnta atá i gcoinne an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343 a fhágáil gan feidhm, [breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 28], gan bheith uirthi a iarraidh go gcuirfí ar leataobh an fhoráil reachtach atá ar neamhréir leis an Treoir sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, *ZX (Bille díotála a thabhairt chun rialtachta*, C-282/20, EU:C:2021:874, míreanna 40 agus 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

75 I bhfianaise an mhéid sin thuas, maidir le Ceist 1(a) agus (b), Ceist 2(a) agus (b), Ceist 3 agus Ceist 5 go Ceist 7 agus an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9 den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

– i gcás duine a ciontaíodh *in absentia* cé nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin, ní chuirtear cosc leis na forálacha sin, tar éis dhul in éag na tréimhse atá leagtha síos chun achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh a tugadh *in absentia*, ar an aon leigheas dlí amháin atá ar fáil chun iarratas a dhéanamh, os comhair cúirte seachas an chúirt a thug an cinneadh sin, ar thriail nua, ar choinníoll go gcomhlíonann na himeachtaí sin prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Ceanglaítear leis an gcoinníoll sin, *inter alia*, go gceadófaí, go bunúsach, leis an nós imeachta chun triail nua a iarraidh, nós imeachta den chineál sin a reáchtáil i ngach cás ina mbunaítear, tar éis seiceálacha a dhéanamh, nár comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin. Ar an taobh eile, ní chomhlíontar an coinníoll deireanach sin i gcás ina gceanglaítear ar an iarratasóir ar thriail nua teacht i láthair go pearsanta os comhair na cúirte inniúla, agus dá uireasa sin déanfar a iarratas a dhíbhe;

– i mBallstát a bhforáiltear lena reachtaíocht do nós imeachta den sórt sin chun triail nua a iarraidh, ceanglaítear leis an dara habairt d'Airteagal 8(4), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9, go bhfaighidh an duine a ciontaíodh *in absentia*, tráth a chuirtear in iúl dó nó di gur ann don chiontú sin nó go pras ina dhiaidh sin, cóip den bhreithiúnas iomlán a tugadh *in absentia*, agus faisnéis shothuigthe a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis an bhfíoras go bhfuil sé nó sí i dteideal triail nua mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin agus, ar an dara dul síos, leis an nós imeachta lena gcuirtear ar a chumas nó ar a cumas triail den sórt sin a iarraidh.

### *Ceist 1(c)*

76 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar Cheist 1(a) agus (b), ar Cheist 2(a) agus (b) agus ar Cheist 3 agus ar Cheist 5 go Ceist 7, ní gá Ceist 1(c) a fhreagairt, ós rud é nach dtarchuireann an chúirt a rinne an tarchur Ceist 1 ach amháin más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1(a) agus (b).

***Ceist 2(c) agus (d), agus Ceist 4***

77 Le Ceist 2(c) agus (d), iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart léiriú a dhéanamh ar an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 9 agus 10(1) den Treoir sin, sa chaoi go gcomhlíontar na ceanglais a fhorchuirtear leis an Treoir sin i gcás ina ndéanann an chúirt atá ag suí *in absentia* scrúdú í féin ar cibé an gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin agus ina léiríonn sí, más infheidhme, sa chinneadh a thugtar *in absentia*, nach mór cóip iomlán de a thabhairt don duine lena mbaineann a luaithe a ghabhfar é, go bhfuil an ceart chun trialach nua ag an duine sin.

78 Lena ceathrú ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur freisin, go bunúsach, i gcomhthéacs córas ina ndéanann an chúirt atá i mbun na trialach *in absentia* scrúdú maidir le cibé ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343, an gá éisteacht leis na cúisitheoirí agus abhcóide cosanta an chúisí araon, agus iad as láthair, sa chás sin.

79 Mar sin féin, mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, níl córas nós imeachta den chineál sin i bhfeidhm sa Bhulgáir, ós rud é go bhfuil córas bunaithe ag reachtóir an Bhallstáit sin ar dá réir nach bhfuil ach Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) inniúil chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thriail nua agus, sa chomhthéacs sin, chun a sheiceáil ar comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) de Threoir 2016/343. Soiléiríonn an chúirt a rinne an tarchur, mar thoradh ar shaintréithe an chórais nós imeachta agus d'ainneoin a chiontaithe ar dá réir nár comhlíonadh na coinníollacha sin sa chás seo, ní cheanglaítear uirthi rialú a thabhairt i ndáil leis sin.

80 Mar is léir ón bhfreagra ar Cheist 1(a) agus (b), ar Cheist 2(a) agus (b), ar Cheist 3 agus ar Cheist 5 go Ceist 7, ní chuirtear bac le Treoir 2016/343 ar chóras nós imeachta lena dtugtar dlínse ní don chúirt a bhfuil triail á seoladh aici *in absentia*, ach do chúirt ar leithligh chun scrúdú a dhéanamh ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin.

81 An méid sin ráite, mar is léir freisin ón bhfreagra sin, tá sé tábhachtach nach dtagann córas den chineál sin salach ar prionsabal na coibhéise ná ar phrionsabal na héifeachtachta.

82 Is léir ó mhíreanna 60, 62 agus 69 den bhreithiúnas seo go bhféadfadh an córas nós imeachta is infheidhme sa Bhulgáir teacht salach ar phrionsabal na héifeachtachta agus, mar thoradh air sin, go mbeadh sé ar neamhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an chúirt a rinne an tarchur aghaidh a thabhairt ar chás nach ráthaítear leis an reachtaíocht náisiúnta lena mbaineann go gcomhlíontar an 'ceart chun trialach nua nó leighis eile', de réir bhrí an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343, a bhfuil éifeacht dhíreach acu (breithiúnas an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 28).

83 I gcomhréir leis an gcásdlí a mheabhraítear i mír 74 den bhreithiúnas seo, i gcás nach féidir léiriú a dhéanamh ar reachtaíocht na Bulgáire ar bhealach atá comhréireach le ceanglais dhlí an Aontais, bheadh sé de cheangal ar an gcúirt a rinne an tarchur gach foráil náisiúnta atá i gcoinne le forálacha an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343 a fhágáil gan feidhm, gan bheith uirthi a iarraidh go gcuirfí ar leataobh an fhoráil reachtach atá ar neamhréir leis an Treoir sin.

84 Sna himthosca sin, ní mór an freagra ar Cheist 2(c) agus (d) agus ar an gceathrú ceist a scrúdú le chéile, ós rud é go bhféadfadh an freagra ar na ceisteanna sin, i gcás inarb iomchuí, a bheith cinntitheach don chuid eile de na himeachtaí coiriúla sna príomhimeachtaí.

85 Mura féidir Treoir 2016/343 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis, ar an gcúirt atá ag suí *in absentia*, a cinneadh a dhéanamh, ina cinneadh, faoin gceart chun trialach nua (breithiúnas *VB*, mír 31), lánrogha leathan a fhágáil ar na Ballstáit maidir lena cur chun feidhme agus nach féidir léiriú a dhéanamh air, mar sin, sa chaoi go gcuirtear cosc ar an gcúirt sin leis scrúdú a dhéanamh, le linn triail *in absentia*, ar an gceist ar comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) agus i gcás nár comhlíonadh iad, a nochtadh sa chinneadh go bhfuil an ceart ag an duine lena mbaineann go reáchtálfar triail nua.

86 Ós rud é, mar a luaitear i mír 66 den bhreithiúnas seo, go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith ag na barúlacha arna dtabhairt leis an gcúiseamh agus leis an gcosaint araon ar an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343, tá sé tábhachtach, i gcomhthéacs an scrúdaithe a rinne an chúirt atá i mbun triail *in absentia* ina leith sin, go n-éistfeadh an chúirt sin leis an dlíodóir a dhéanann ionadaíocht ar an duine lena mbaineann, agus an dlíodóir sin as láthair sa chás sin.

87 Ar bhonn a bhfuil thuas, is é an freagra ar Ceist 2(c) agus (d), iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, nach mór léiriú a dhéanamh ar an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9 agus Airteagal 10(1) den Treoir sin, sa chaoi go gcomhlíontar na ceanglais a fhorchuirtear leis an Treoir sin i gcás ina measann an chúirt a bhfuil triail á seoladh aici *in absentia* í féin, tar éis éisteacht leis na cúisitheoirí agus an chosaint araon chuige sin, gur comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin agus, murar comhlíonadh iad, ina léiríonn sí, sa chinneadh a thugtar *in absentia*, nach mór cóip iomlán de a thabhairt don duine lena mbaineann a luaithe a ghabhfar é, tráth a chuirtear an cinneadh sin in iúl dó nó go pras ina dhiaidh sin, go bhfuil an ceart ag an duine sin chun trialach nua.

### *An t-ochtú ceist*

88 Lena hochtú ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343 a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm acu, ní hamháin i gcás ciontú *in absentia*, ach i gcás éigiontú *in absentia* chomh maith.

89 Mar sin, dar leis an gcúirt sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí VB a éigiontú. Is mian leis an gcúirt sin a fháil amach, roimh an triail *in absentia* i gcoinne VB a thosnú agus a rialú ar chiontacht agus neamhchiontacht an duine sin, ar cheart go mbeadh an ceart chun trialach nua cosanta go leordhóthanach i gcás éigiontú *in absentia*.

90 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 33 agus 34 dá Thuairim, go bhfuil feidhm ag an gceart chun triail chóir, ar gné bhunriachtanach don cheart chun bheith i láthair ag an triail é, in imeachtaí coiriúla uile a bhféadfadh cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an duine atá cúisithe a bheith mar thoradh léi. I bhfianaise aithrisí 47 agus 48 de Threoir 2016/343, óna leanann sé go bhfuil sé tábhachtach, agus an Treoir sin á léiriú, cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 6 de ECHR a chur san áireamh, is gá brath, sa fhreagra ar an ochtú ceist, ar chásdlí na cúirte sin, ar dá réir atá an ceart bunúsach ag cúisí chun bheith i láthair ag an triail i ngach imthoisc, fiú má tá an toradh deiridh fabhrach dó (ECtHR, 15 Nollaig 2005, *Vanyan* v *an Rúis*, CE:ECHR:2005:1215JUD005320399, § 20 go 25 agus 67).

91 Leagtar béim, leis na téarmaí céanna d'Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343, ar raon feidhme leathan an chirt chun bheith i láthair ag an triail, lena luaitear 'an cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an duine atá faoi dhrochamhras'.

92 Is é toradh na foclaíochta sin in Airteagal 8(2) de Threoir 2016/343 go dtagraíonn an téarma 'cinneadh' in Airteagal 8(4) agus in Airteagal 9 den Treoir sin d'aon chinneadh, a eascraíonn as imeachtaí coiriúla, a bhaineann le ciontacht nó neamhchiontacht an duine atá faoi dhrochamhras.

93 Ní fhéadfar raon feidhme Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 den Treoir sin a dhealú ó raon feidhme Airteagal 8(2) den Treoir chéanna, ós rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2), a bhraitheann go sonrach ar an '[g]ceart chun trialach nua nó leighis dlí eile', dá dtagraítear le hAirteagal 8(4) agus Airteagal 9.

94 Ní bhaintear an bonn den léiriú sin mar thoradh ar an gcaoi go bhfuil na focail 'nuair a ghabhfar é' ann in Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343. Baineann na téarmaí sin, go bunúsach, leis an bhfrása 'go háirithe', óna leanann nach ionann an ghabháil, agus an t-aon hipitéis dá dtagraítear san fhoráil sin.

95 Dá bhrí sin, ní mór gurb é an freagra ar an ochtú ceist nach mór an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343 a léamh sa chaoi go bhfuil feidhm acu, ní hamháin i gcás ciontú *in absentia* ach i gcás éigiontú *in absentia* chomh maith.

## Costais

96 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

**1. Maidir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart chun bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla, arna léamh in éineacht le hAirteagal 9 den Treoir sin,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:**

– **i gcás duine a ciontaíodh *in absentia* cé nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin, ní chuirtear cosc leis na forálacha sin, tar éis dhul in éag na tréimhse atá leagtha síos chun achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh a tugadh *in absentia*, ar an aon leigheas dlí amháin atá ar fáil chun iarratas a dhéanamh, os comhair cúirte seachas an chúirt a thug an cinneadh sin, ar thriail nua, ar choinníoll go gcomhlíonann na himeachtaí sin prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Ceanglaítear leis an gcoinníoll sin, *inter alia*, go gceadófaí, go bunúsach, leis an nós imeachta chun triail nua a iarraidh, nós imeachta den chineál sin a reáchtáil i ngach cás ina mbunaítear, tar éis seiceálacha a dhéanamh, nár comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin. Ar an taobh eile, ní chomhlíontar an coinníoll deireanach sin i gcás ina gceanglaítear ar an iarratasóir ar thriail nua teacht i**

**láthair go pearsanta os comhair na cúirte inniúla, agus dá uireasa sin déanfar a iarratas a dhíbhe;**

– **i mBallstát a bhforáiltear lena reachtaíocht do nós imeachta den sórt sin chun triail nua a iarraidh, ceanglaítear leis an dara habairt d'Airteagal 8(4), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9, go bhfaighidh an duine a ciontaíodh *in absentia*, tráth a chuirtear in iúl dó nó di gur ann don chiontú sin nó go pras ina dhiaidh sin, cóip den bhreithiúnas iomlán a tugadh *in absentia*, agus faisnéis shothuigthe a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis an bhfíoras go bhfuil sé nó sí i dteideal triail nua mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin agus, ar an dara dul síos, leis an nós imeachta lena gcuirtear ar a chumas nó ar a cumas triail den sórt sin a iarraidh.**

2. **Maidir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9 agus Airteagal 10(1) den Treoir sin,**

   **ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:**

   **comhlíontar na ceanglais a fhorchuirtear leis an Treoir sin i gcás ina measann an chúirt a bhfuil triail á seoladh aici *in absentia* í féin, tar éis éisteacht leis na cúisitheoirí agus an chosaint araon chuige sin, gur comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 8(2) den Treoir sin agus, murar comhlíonadh iad, ina léiríonn sí, sa chinneadh a thugtar *in absentia*, nach mór cóip iomlán de a thabhairt don duine lena mbaineann a luaithe a ghabhfar é, tráth a chuirtear an cinneadh sin in iúl dó nó go pras ina dhiaidh sin, go bhfuil an ceart ag an duine sin chun trialach nua.**

3. **Maidir leis an dara habairt d'Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de Threoir 2016/343,**

   **ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:**

   **tá feidhm acu, ní hamháin i gcás ciontú *in absentia*, ach i gcás éigiontú *in absentia* chomh maith.**

Sínithe